Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12340/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0221 (NLE)**

**ACP 79**
**WTO 81**
**RELEX 1067**
**COAFR 249**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 396 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 396 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 396 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
COM(2026) 396 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus Forbairt a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe**

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHTCHINNEADH Uimh. …/2026**

**ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL AGUS FORBAIRT**

**A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ**

**COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE IDIR**

**AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,**

**AGUS STÁIT CCE CFDA, DEN PHÁIRT EILE**

**an … 2026**

**maidir le hionadú an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe**

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL AGUS FORBAIRT,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit CCE CFDA, den pháirt eile (‘an Comhaontú’), agus go háirithe Airteagal 94 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 10 Deireadh Fómhair 2016 ann maidir le gach Páirtí sa Chomhaontú, seachas Mósaimbíc. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir Mósaimbíc agus an tAontas Eorpach ón 4 Feabhra 2018.

(2) Le hAirteagal 103 den Chomhaontú bunaítear an Coiste um Thrádáil agus Forbairt, a thagann le chéile i gcumraíocht shonrach chun aghaidh a thabhairt ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil a chumhdaítear faoi Chuid II den Chomhaontú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 94(1) den Chomhaontú, ghlac an Coiste um Thrádáil agus Forbairt liosta de 21 dhuine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe an 18 Feabhra 2019 le Cinneadh Uimh. 1/2019. Ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta sin chun an líon íosta eadránaithe atá ar fáil a chaomhnú.

(4) Tá an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe comhdhéanta de thrí fholiosta: foliosta amháin do gach Páirtí lena n-áirítear ocht nduine aonair a fheidhmeoidh mar eadránaithe agus foliosta amháin de

chúig dhuine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a d'fhéadfadh feidhmiú mar chathaoirleach ar an bpainéal eadrána, lena gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 94(1) den Chomhaontú.

(6) Ní gá an Cinneadh a ghlacadh i dteangacha barántúla uile an Chomhaontaithe ós rud é nach leasaítear forálacha an Chomhaontaithe leis an gCinneadh agus ós rud é nach bhfuil sé ábhartha ach le haghaidh oibríocht inmheánach an chórais um réiteach díospóidí idir na Páirtithe.

(7) Chun feidhmiú ceart an Chomhaontaithe a áirithiú, go háirithe Cuid III de, ba cheart don Choiste um Thrádáil agus Forbairt an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe a ionadú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, cuirtear an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad an liosta de na daoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2019 an 18 Feabhra 2019 ón gCoiste um Thrádáil agus Forbairt.
2. Is cuid dhílis den Chinneadh seo í an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

1. Glacadh an Cinneadh seo i mBéarla agus tarraingíodh suas é i ndúblach. Féadfaidh gach Páirtí téacs an Chinnidh seo a aistriú go dtí na teangacha is gá le haghaidh a nósanna imeachta inmheánacha agus le haghaidh na faisnéise don phobal.
2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an …

*Thar ceann an Choiste um Thrádáil agus Forbairt*

*Thar ceann Stáit CCE CFDA* | *Thar ceann Pháirtí an Aontais Eorpaigh*

IARSCRÍBHINN

LIOSTA DE NA hEADRÁNAITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 94
DEN CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE
IDIR
AN tAONTAS EORPACH
AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,
AGUS STÁIT CCE CFDA, DEN PHÁIRT EILE

Eadránaithe arna moladh ag Stáit CCE CFDA:

1. Sakeus AKWEENDA
2. Nkululeko J. HLOPHE
3. Faizel ISMAIL
4. Kholofelo Ngokoane KUGLER
5. Tsotetsi MAKONG
6. Carlos Joaquim Nogueira MARTINS
7. Leonard Moses PHUTI
8. Sidney PILANE

Eadránaithe arna moladh ag an Aontas:

9. Danae AZARIA
10. Laurence BOISSON DE CHAZOURNES
11. Irina BUGA
12. Mary FOOTER
13. Michael Johannes HAHN
14. Federico ORTINO
15. Joost PAUWELYN
16. Hélène RUIZ FABRI

Eadránaithe arna roghnú go comhpháirteach ag na Páirtithe (neamhnáisiúnaigh a d'fhéadfadh gníomhú mar Chathaoirleach):

17. Ichiro ARAKI
18. Christian HÄBERLI
19. Merit JANOW
20. Makane Moïse MBENGUE
21. Claus VON WOBESER